C/2024/2972

25.4.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11496 — BP / ADNOC / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/2972)

1. An 17 Aibreán 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— BP Exploration Operating Company Limited ('BPEOC', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú BP p.l.c. ('BP', an Ríocht Aontaithe), agus

— ADNOC International Limited ('AIC', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), faoi rialú Abu Dhabi National Oil Company P.J.S.C. ('ADNOC', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha).

Gheobhaidh BPEOC agus AIC comhrialú ar chuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá BPEOC ag gabháil do tháirgí peitriliam a tháirgeadh agus a dhíol,

— Déanann AIC infheistíocht i gcuideachtaí ola agus gáis réamhtheachtacha, meánsruthacha agus iartheachtacha agus sócmhainní atá faoi úinéireacht ADNOC lasmuigh d'Éimíríocht Abú Daibí, agus déanann sé iad a choinneáil agus a bhainistiú.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gcomhfhiontar: Beidh lamháltais áirithe gáis nádúrtha san Éigipt faoi úinéireacht an chomhfhiontair agus déanfaidh sé iad a mhargú agus a sholáthar agus déanfaidh sé gás nádúrtha agus comhdhlúthú arna dtáirgeadh ag na sócmhainní sin san Éigipt a mhargú agus a sholáthar.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11496 — BP / ADNOC / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË